Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

GA

Sraith C

C/2025/6733

16.12.2025

**Fógra le haghaidh na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2024/2643 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/2572 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2024/2642 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2568 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise**

(C/2025/6733)

Dírítear aird na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/2643 ón gComhairle [1], arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/2572 ón gComhairle [2], agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642 ón gComhairle [3], arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2568 ón gComhairle [4] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh gur cheart na daoine nádúrtha agus dlítheanacha sin a áireamh ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2024/2643 agus i Rialachán (AE) 2024/2642 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise. Tugtar na forais leis na daoine nádúrtha agus dlítheanacha sin a ainmniú sna hiontrálacha ábhartha sna hIarscríbhinní thuasluaite.

Cuirtear in iúl do na daoine nádúrtha agus dlítheanacha sin gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha, mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 3 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh é a áireamh ar an liosta thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle roimh an 9 Meitheamh 2026, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirtear in iúl do na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

---

(1) IO L, 2024/2643, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2643/oj.
(2) IO L, 2025/2572, 15.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2572/oj.
(3) IO L, 2024/2642, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2642/oj.
(4) IO L, 2025/2568, 15.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2568/oj.